

CONCAR I GCUISLE AN MHATAIL.

Bhíomar ag tógáil iasgán lá ag Carraig an Mhatail. Bhí trágh mór ann an lá céadna. Sí an trágh is mó a chonnaic mé le cúig bhliain is dhá fhichid í. Tá cuimhne agam ar trághanna ó shoin, facthas Mulán an Mhatail tirim an lá sin nár facthas tirim ó shoin. Bhí an lá comh ciúin agus sílfeá gurbh é a bhí ins an bhfairrge pláta gloine. Nuair a bhíomar ag dhul isteach an chuisle seo chraith an eascóin í fein istigh faoi'n gcloich. Séard tsós cloiche a bhí innte béal leac. Spánamar do'n fhear seo í. Chuir sé a dhá láimh isteach agus rug sé ar ghreim piobáin uirthé. Chuir sé a dhá ordóg suas faoina dhá liopa, thug sé leis amach í agus í tachta suas aige le na leiceann. Bhí an fear chomh láidir agus gur bhain sé an bhrigh aiste. Nuair a shíl sé bogadh leis chuir sí snaidhm ar a dhá chois le na drioball choinnigh sí annsin é gan aon choisméig siubhail go mbéigin dó í a chaitheamh uaidh, d'imthigh léithe nuair a sgaoil seisean greim. Bhí an t-ádhdh air nár bhain sí an chluas dhe nuair a bhí a ceann ar a gualainn aige. (Bhí dhá chluais air comh mór le cluasa asail.)